Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10058/26**
**COR 1**

**CADREFIN 259**
**FIN 807**
**RESPR 27**
**POLGEN 143**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2028-2034<br>- Bosca caibidlíochta |

In 10058/26 INIT

Ar leathanach 16, léitear mír 39 mar a leanas:

39. Sa chlársceidealú, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar infheistíochtaí iomchuí i mbearta maidir leis an mbeartas comhtháthaithe i ngach catagóir réigiún, agus na leibhéil infheistíochta reatha á gcur san áireamh. Má tá an leithdháileadh a dhéantar ar na réigiúin trasdula agus ar na réigiúin níos forbartha níos ísle ná [~~25~~**75**] % den leibhéal infheistíochta reatha, soláthróidh na Ballstáit an t-údar leis sin bunaithe ar chritéir oibiachtúla.

Ar leathanach 16, léitear mír 40 mar a leanas:

40. Déanfaidh an Coimisiún na pleananna a mheas laistigh de cheithre mhí tar éis a dtíolactha agus déanfaidh an Chomhairle iad a fhormheas. Déanfaidh an Coimisiún leasuithe ar na pleananna a mheas laistigh de thrí mhí ó thíolacadh an phlean leasaithe agus déanfaidh an Chomhairle iad a fhormheas. ~~Féadfaidh an Coimisiún, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, a mholadh don Bhallstát na bearta atá ann cheana a leasú nó bearta nua a thabhairt isteach.~~

Ar leathanach 26, léitear mír 68 mar a leanas:

68. An sciar den chomhar trasteorann, freagraíonn sé do shuim ualuithe chritéir ~~(a)~~**(i)** agus ~~(b)~~**(ii)**. An sciar den chomhar trasnáisiúnta, freagraíonn sé d'ualú chritéar ~~(c)~~**(iii)**. An sciar de chomhar na réigiún is forimeallaí a fhreagraíonn d'ualú chritéar ~~(d)~~**(iv)**.

Ar leathanach 35, léitear mír 94 mar a leanas:

94. EUR [148 579] milliún a bheidh san imchlúdach airgeadais táscach d'Fhís Eorpach don tréimhse 2028-2034, lena n-áirítear

i) EUR [37 42**4**~~0~~] milliún le haghaidh Eolaíocht den Scoth;

ii) EUR [64 ~~145~~**419**] milliún don Iomaíochas agus don tSochaí;

iii) EUR [32 929] milliún don Nuálaíocht;

iv) EUR [13 807] milliún don Limistéar Eorpach Taighde, a bhfuil [4 573] milliún de beartaithe chun rannpháirtíocht a leathnú.

Ar leathanach 35, léitear mír 96 mar a leanas:

96. Is é EUR [69 309] milliún a bheidh san imchlúdach airgeadais táscach do chur chun feidhme na Saoráide um Chónascadh na hEorpa don tréimhse 2028-2034, lena n-áirítear:

i) EUR [43 889] milliún le haghaidh iompair agus soghluaisteacht mhíleata [a bhfuil EUR [15 110] **milliún** de le haghaidh soghluaisteacht mhíleata].

ii) EUR [25 420] milliún don fhuinneamh.

Ar leathanach 41, léitear mír 110 mar a leanas:

110. Leis an Ionstraim, ba cheart soláthar tacaíochta suas le huasmhéid EUR [95 000] milliún (i bpraghsanna reatha) a chumasú i bhfoirm ráthaíochtaí buiséadacha, iasachtaí Euratom, iasachtaí i bhfoirm cúnamh macrairgeadais, agus iasachtaí beartasbhunaithe, go háirithe le haghaidh tíortha comhpháirtíochta a chuireann pleananna feidhmíochtbhunaithe chun feidhme. [Cuirfear iasachtaí beartasbhunaithe ar fáil trí ghníomhartha cur chun feidhme]. Leithdháilfear méid táscach EUR [19 000] ~~billiún~~ **milliún** (i bpraghsanna reatha) ar BEI.

Ar leathanach 49, sa tábla dar ceannteideal 'Iarscríbhinn. Creat airgeadais ilbhliantúil 2028-2034 (i ngealltanais)', sa líne 'Tacaíocht ioncaim an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT)', sa cholún 'Togra COM Iomlán 2028-2034 (praghsanna 2025)', léitear an uimhir mar a leanas: ~~259,231~~ **261,009**.

Ar leathanach 49, sa tábla dar ceannteideal 'Iarscríbhinn. Creat airgeadais ilbhliantúil 2028-2034 (i ngealltanais)', sa chéad cholún, léitear an teideal '*Comhtháthú eacnamaíoch, críochach agus sóisialta lena n-áirítear iascaigh agus pobail tuaithe*' mar a leanas: *'Comhtháthú eacnamaíoch, críochach agus sóisialta lena n-áirítear iascaigh agus pobail tuaithe* ***agus turasóireacht'.***